Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin
County Cavan Vocational Education Committee

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009

NDP
National Development Plan 2007 - 2013

EUROPEAN UNION
STRUCTURAL FUNDS

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE AN CHABHÁIN
COUNTY CAVAN VOCATIONAL EDUCATION COMMITTEE
PRÍOMH-OIFIGEACH: Colm Mac Giolla Bhuí B.Comm. D.S.A., M.Sc.
CHIEF EXECUTIVE OFFICER: Colm McEvoy B.Comm., D.S.A., M.Sc.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Oifigí Riaracháin, Cearnóg Radharc an Teampaill, An Cabhán, Co. an Chabháin
Teil: (049) 433 1044
www.cavanvec.ie

Ráiteas Misin

"Is údarás oideachais é Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin
a chuireann réimse cuimsitheach de sheirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta
lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil.
Tá sé mar sprioc ag an gCoiste oideachas le haghaidh an tsaoil a chur ar fáil i
dtimpeallacht foghlama nuálach, freagrúil, comhbhách agus solúbtha.
Tá an Coiste tiomanta don rochtain is mó a chur ar fáil do dhaoine ag gach aois agus cúlra agus don
cháilíocht agus sármhaitheas a bhaint amach i ngach gné dá chuid oibre.
Baintear é seo amach trína chuid scoileanna féin, Institiúid an Chabháin,
Ionaid Foghlama agus i gcomhar le soláthraithe oideachais agus oiliúna
eile sa chontae chun freastal a dhéanamh ar riachtanais teicneolaíochta,
eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha an phobail a bhíonn ag athrú go síoraí."

Fís Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin

"Córas oideachais a fhorbairt a chothaíonn foghlaim ar feadh an tsaoil i
ngach ionad oideachais agus oiliúna den Choiste Gairmoideachais i gcur chuige
córasach atá cuimsitheach, a bhfuil meas aige ar an ilchineálacht chultúrtha
agus a chuireann riachtanais reachtacha i bhfeidhm."

Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin

Líne Thosaigh (Ó Chlé go Deas): Patricia Walsh, Marie Traynor (Feidhmeannach), Colm McEvoy (POF), Madeleine Argue (Cathaoirleach), Shane P O'Reilly (Leas-Chathaoirleach), Fiona Maloney (AEO)), Niamh Smyth.
Líne Chúil (Ó Chlé go Deas): Val Smith, Pauline McCauley, Jacqui Lewis, Rory Moore (Feidhmeannach), Patrick O'Reilly, David Blake, Terry Argue, Sean McKiernan, Mary Brady, Niall Lynch, Freddie Kettyle, Peter McVitty, Des Crossan, Tony Farrelly, Mona Fitzpatrick & Brian McKeown.

Réamhrá

Aitheasc an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin, is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2009 a chur faoi bhur mbráid. Ag leibhéal an Choiste, ba bhliain í 2009 inar tharla athruithe sa Choiste Gairmoideachais, nuair a bunaíodh Coiste Gairmoideachais nua. Is mian liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leis na comhaltaí a chuaigh as oifig as ucht a gcuid oibre agus a ndíograis thar na blianta agus chun fáilte a chur roimh na comhaltaí nua chuig an gCoiste.

Tá taithí ar leith ag Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin a bhfuil sé bródúil as mar sholáthraí seirbhísí oideachais den scoth ar fud an chontae do gach aoisghrúpa. I measc líon mór na seirbhísí oideachais a chuireann an Coiste Gairmoideachais ar fáil tá na cinn seo a leanas:

- Dara Leibhéal
- Breisoideachas
- Oideachas Aosach
- Ógtheagmháil
- Seirbhísí don Aos Óg
- Oideachas sa tSeirbhís Phríosúin

Is soláthraí seirbhíse oideachais é Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin atá an-fhuinniúil agus ag forbairt i gcónaí agus tá aitheantas le dul do bhainistíocht agus d'fhoireann Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin as an tiomantas, díograis agus nuálaíocht a léiríonn siad go leanúnach. D'éirigh thar cionn le Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin i 2009. Mhéadaigh líon na gclárúchán. Leathnaíodh amach na seirbhísí oideachais. Agus cuireadh tús le líon tionscnamh nua, lena n-áirítear Seirbhísí Tacaíochta Teicniúla TF an Choiste Ghairmoideachais a leathnú amach chuig scoileanna nach bhfuil mar chuid den Choiste Gairmoideachais ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal, an chéad lá foirne de Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin a eagrú, bogadh chuig príomh-oifig nua etc.

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an gCoiste, leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, leis an Oifigeach Oideachais d'Aosaigh, an Stiúrthóir, na Príomhoidí, Comhordaitheoirí na nIonad agus leis an bhfoireann uile as ucht bliain den scoth a bheith ag Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin. Mar chríoch, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach duine a raibh baint acu leis an tuarascáil seo a chur le chéile.

An Comhairleoir Madeleine Argue
Cathaoirleach, Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin

Réamhrá

Aitheasc an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

Is mór dom Tuarascáil Bhliantúil Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin do 2009 a chur faoi bhur mbráid.

Le linn 2009, lean Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin leis an líon mór seirbhísí oideachais atá aige a chur i bhfeidhm, a fheabhsú agus a fhorbairt. I mbliana, chonacthas tuilleadh fáis i líon na gclárúchán sna hionaid oideachais uile agus cuireadh tús le cláir agus seirbhísí nua agus éagsúla a chur i bhfeidhm.

D'eascair an fás, leathnú amach agus forbairt seo a baineadh amach i mbliana as na cuspóirí agus spriocanna a leagadh amach i bPlean Oideachais Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin 2006-2010 faoi chúig réimse téamacha.

- Forbairt agus feabhsú sholáthar na seirbhísí oideachais
- Forbairt na seirbhísí don aos óg agus seirbhísí spóirt
- Cuspóirí caidrimh phoiblí a bhaint amach
- Forbairt agus feabhsú comhpháirtíochtaí
- Forbairt leanúnach san eagraíocht

Is faoin máistirphlean seo a leagadh amach líon cuspóirí áirithe do 2009 a aithníodh i dTuarascáil Bhliantúil 2008. Mar a léirítear sa tuarascáil seo baineadh amach beagnach gach ceann de na cuspóirí sin agus líon mór eile díobh freisin. Sa tuarascáil seo freisin leagtar amach raon de chuspóirí éagsúla do 2010, atá ar fad i gcomhréir leis na spriocanna agus téamaí a aithníodh sa Phlean Oideachais 2006-2010.

Is mian liom comhaltaí agus foireann uile an Choiste Ghairmoideachais a mholadh as a dtiomantas agus an obair chrua a rinne siad le linn 2009 agus as ucht leanúint le seirbhísí oideachais agus tacaíochta den scoth a chur ar fáil ar fud an chontae. Mar chríoch, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le John Kearney, Uasal, as an gcúnamh ar fad a thug sé agus a thiomantas agus an tuarascáil seo á cur le chéile.

Colm McEvoy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Comhthéacs

Faigheann Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Bunaíodh é de bhun achtú an Achta Ghairmoideachais, 1930. Is é an tAcht Gairmoideachais, 1930 an bun-acht d'eagrú agus seirbhísí an Choiste Ghairmoideachais agus ba chóir é a léamh i bhfianaise achtanna leasaitheacha, go háirithe i bhfianaise an Achta Oideachais, 1998, ina ritear reachtaíocht i leith na hearnála oideachais ar fad, agus i bhfianaise an Achta Ghairmoideachais (Leasú), 2001.

In Alt 29 den Acht Gairmoideachais (Leasú) 2001 éilítear ar Choistí Gairmoideachais Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a chur faoi bhráid an Aire maidir leis an gcaoi ar éirigh leis a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh an bhliain roimhe. Sa tuarascáil seo tugtar faoin gceanglas dlíthiúil seo agus tugtar léargas ar an soláthar oideachais a dhéanann Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin, gníomhaíochtaí eile a dhéanann sé agus Ráiteas Airgeagais do 2009.

Achoimre ar Sheirbhísí

Cuireann Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin líon mór seirbhísí oideachais, tacaíochta agus eile tríd an bpríomhoifig, na ceithre iar-bhunscoil atá faoina chúram, Institiúid an Chabháin, Ionad an Chabháin don Fhoghlaim Aosach, trí Ionad Ógtheagmhála, Seirbhísí don Aos Óg agus trí líon mór ionad oideachais aosaigh ar fud an chontae. Chomh maith leis sin cuirtear seirbhísí oideachais ar fáil i dTeach an Locháin sa Chabhán Thiar. Tá tioncnaimh éagsúla réigiúnacha agus náisiúnta faoi threoir Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin, an tSeirbhís Tacaíochta Breisoideachais Réigiúnach agus Aonad náisiúnta Sheirbhísí Tacaíochta an Choiste Ghairmoideachais (VSSU) ina measc. Tá réimse na seirbhísí oideachais agus na seirbhísí eile léirithe anseo thíos.



Méadú ar Líon na gClárúchán

Tharla méadú seasta ar líon na gclárúchán i gCoiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin le roinnt mhaith blianta anuas. Is fianaise é an méadú seo ar chaighdeán an oideachais a chuirtear ar fáil inár Scoileanna, in Institiúid an Chabháin, sna Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh agus don Aos Óg, sa nuálaíocht sa dara leibhéal, an bhaint atá ag na cúrsaí iar-ardteistiméireachta leis na héilimh tionsclaíochta agus an cur chuige a dhíríonn ar an bhfoghlaimeoir atá glactha ag an bhfoireann uile, iad siúd atá i mbun an teagaisc chomh maith leo siúd atá sna róil tacaíochta.

Méadú ar líon na gClárúchán ag an dara leibhéal/leibhéal IarArdteistiméireachta



Iar-bhunscoileanna

Lean na ceithre iar-bhunscoil atá faoi chúram Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin ag cur réimse leathan de chláir oideachais ar fáil, cláir acadúla agus seach-churaclaim, le linn 2009. Chomh maith leis sin, d'éirigh le Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin cead a fháil i bprionsabal chun an cúigiú hiar-bhunscoil a bhunú i nDún an Rí le freastal ar riachtanais na ndaoine óga ón scoilcheantar seo. Is iad seo a leanas buaicphointí áirithe dár scoileanna le linn na bliana seo:

Coláiste Bhreifne, Cavan

Líon na gClárúchán Lánaimseartha	2008/9	2009/10
	557	592

- Ceapadh John Crotty, Uasal, mar Phríomhoide Ionaid an Choláiste
- Chríochnaigh an Chéad Chohórt de Dhaltaí Clár na hIdirbhliana
- Cuireadh Líon Ríomhairí isteach i Seomra na Riachtanas Speisialta
- Rinneadh athchóiriú ar sheomra na hArdteistiméireachta Feidhmí
- Baineadh seacht nGradam amach sa chéad cheann de na Comórtais Sci-Fest (Féile Eolaíochta)
- D'éirigh leis an scoil dul chomh fada leis an mbabhta deiridh de Chomórtas Cócaireachta Bhord Bia
- Rinneadh uasghrádú ar na síleálacha, an soilsiú agus cothabháil i gcoitinne faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh

Coláiste Naomh Bricín, Béal an Tairbirt

Líon na gClárúchán Lánaimseartha	2008/9	2009/10
	165	164

- Cuireadh 'Cuir téacs chuig tuismitheoir' agus tairseach leictreonach ar fud na scoile
- Cuireadh leis an gcóiríocht scoile, ceaintín ina measc
- Rinneadh uasghrádú ar na leithris ar fud na scoile
- Bhuaigh daltaí ón dara bliain Gradam Speisialta don Táirge is Nuálaí i gComórtas Ceannais an Chontae de na Fiontraithe Óga
- Bhuaigh daltaí an Cluiche Ceannais i bPeil Gaelach do Bhuachaillí faoi 14 bliana d'aois

Coláiste Naomh Maodhóg, An Bábhún Buí

Líon na gClárúchán Lánaimseartha	2008/9	2009/10
	165	158

- Cuireadh tús le tairseach leictreonach agus seirbhís téacsála do thuismitheoirí
- Seoladh Féilire Choláiste Naomh Maodhóg agus an "Lunchbox", mionchomhlacht a chuireann bia sláintiúil chun cinn
- Ghlac Daltaí i gClár na hIdirbhliana páirt i gClár um Fheasacht Aoise ina raibh ionchur ó na ranna Gaeilge, Ealaíne, Staidéar ar na Meáin, Eacnamaíocht Bhaile agus Gnó
- Cuairteanna oideachais ar Arigna Mines, "Macbeth" in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Clochán an Aifir, Ionad Eachtraíochta Tanagh
- Ceiliúradh éachtaí na ndaltaí ag Féile Gradam san Óstán Slieve Russell i mí na Bealtaine
- Cuireadh tús leis an bpleanáil chun bealach isteach nua, saotharlann ilteangach, seomra idirghabhála, agus carrchlós sa bhreis a thógáil
- Cuireadh clár cóitseála 7 seachtaine ar fáil do dhaltaí i gClár na hIdirbhliana

Coláiste Achadh an Iúir, Achadh an Iúir

Líon na gClárúchán Lánaimseartha	2008/9	2009/10
	574	644

- Cuireadh tús leis an Reiligiún mar Ábhar Ardteistiméireachta
- Athraíodh Seomra 1 ó Seomra Ranga Ginearálta go Saotharlann Eolaíochta
- Cuireadh dhá sheomra réamhdhéanta isteach sa láthair chun freastal ar líon na gclárúchán méadaithe
- Freastalaíodh ar Chlár Ionduchtaithe d'fhoireann an Choiste Ghairmoideachais a d'eagraigh Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin
- Seachtain um Fheasacht Shóisialta do dhaltaí uile na Céadbhliana
- Eagraíodh "Virginia's Got Talent" mar ócáid chun airgead a bhailiú do pháirc imeartha
- Bhí Clár Malairte sa Fhraincis le Lycée Sidoine Appollinaire in Clermont-Ferrand sa Fhrainc
- Bhí Turas Eolaíochta go dtí an Bheilg

Institiúid an Chabháin

Líon na gClárúchán Lánaimseartha	2008/9	2009/10
	1294	1584

Mhéadaigh líon na gclárúchán d'Institiúid an Chabháin ó 1294 mac léinn in 2008/09 go 1584 in 2009/10, méadú 290 mac léinn lánaimseartha. Is é seo an méadú is mó a bhfuil taifead déanta de i stair na hInstitiúide.
Sa scoil oíche cláraíodh níos mó ná 800 mac léinn páirtaimseartha
Léirítear thíos an méadú leanúnach i líon na gclárúchán lánaimseartha:



In 2009 ba bhliain an-ghníomhach a bhí ann d'Institiúid an Chabháin agus tharla forbairtí móra. I measc na mbuaicphointí bhí na cinn seo a leanas:

Curaclam / Feabhsuithe ar Chúrsaí Oideachais

- Bunaíodh cúrsaí nua ar nós an Obair don Aos Óg, Altranas Fiaclóireachta agus Cúntóir Cógaisíochta.
- Cuireadh an tSeirbhís Ar Líne do Mhic Léinn (SOS) ar bun. Is feidhmchlár é seo atá bunaithe ar an nGréasán a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh le mic léinn agus eolas a roinnt.
- Eagraíodh Cúrsa Rochtana do mhic léinn lánfhásta atá ag machnamh ar fhilleadh ar ais chun stadéar lánaimseartha a dhéanamh.
- Eagraíodh Cúrsaí Blaiste don Scoil don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, ina bhfuair foghlaimeoirí aosaigh an deis triail a bhaint as na cúrsaí éagsúla atá ar fáil.
- Rinneadh atheagrú ar struchtúr na Scoile agus athainmníodh na scoileanna. Ceapadh beirt Cheann Scoile nua freisin.
- Bunaíodh Córas le hIarratais a Dhéanamh Ar Líne agus ba é an modh roghnach é go han-tapa chun iarratas a dhéanamh ar chúrsaí lae lánaimseartha. Fuarthas níos mó ná 4500 iarratas ar an iomlán in 2009/10.

Éachtaí na Mac Léinn

- Bhuaigh céimí den chúrsa Teiripe Scéimhe, a bhí mar ionadaí Institiúid an Chabháin, an Comóras Náisiúnta Scileanna i bPort Láirge. Ba é seo an chéad uair a chuir Institiúid an Chabháin mic léinn isteach don Chomórtas Náisiúnta Scileanna agus b'éacht ollmhór é seo don mhac léinn agus don fhoireann i Scoil na Teiripe Scéimhe agus na Gruagaireachta.

- Chuir dhá ghrúpa mac léinn ón dara bliain sa rang Ilmheán isteach ar an gComórtas DARE2BDRINKAWARE agus d'éirigh le grúpa amháin a bheith ar an liosta gearr don chomórtas ceannais náisiúnta a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath.

- Bronnadh Scoláireachtaí Spóirt ar sheisear mac léinn ó Institiúid an Chabháin.

Feabhsuithe ar na Saoráidí

- Ag tús na bliana, fuarthas áit bhreise in aice leis an bhfoirgneamh atá ann cheana féin. Sa chóiríocht nua bhí 14 sheomra ranga nua, seomra do ríomhairí, leabharlann nua, seomraí gruagaireachta ina bhfuil an trealamh ar fad agus Ionad Foghlama Oscailte nua.

- Is acmhainn foghlama é an tIonad Foghlama Oscailte do mhic léinn agus tá Foireann Tacaíochta Foghlama na hInstitiúide mar bhaill foirne ann. Is é seo an chéad chineál Ionad Foghlama Oscailte in Éirinn agus ceaptar go mbainfidh Coláistí Breisoideachais eile an mhacasamhail seo mar thacaíocht do mhic léinn agus iad ag foghlaim.

- Tá líon mór leabhar agus irisí sa leabharlann nua chomh maith le hacmhainní ar líne. Tá córas féinseiceála amach ann agus córas clibeála slándála nua do na leabhair uile

- Chomh maith leis sin bunaíodh Comhaontú Iasachtaí Idirleabharlainne idir Institiúid an Chabháin agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, ina raibh mic léinn Institiúid an Chabháin in ann fáil ar leabhair agus áiseanna ar líne ó Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan.
- D'oscail Brendan Smith, TD, an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an chóiríocht nua go hoifigiúil.
- Chomh maith leis an gcóiríocht nua bhreise cuireadh leis an gcarrchlós atá ann cheana féin, nuair a cuireadh isteach 100 spás páirceála breise do charranna. Rinneadh maoiniú ar an tionscadal seo trí Scéim na nOibreacha Samhraidh 2009. Roghnaíodh Institiúid an Chabháin mar cheann amháin den 72 ionad ar fud na tíre don tionscadal píolótach inar cuireadh isteach 100Mbps don Tionscadal Leathanbhanda do Scoileanna. Chomh maith le Leathanbhanda ardluais, leis an tionscadal seo bhíothas in ann sonratheilgeoirí gearrchaithimh do 23 Seomra ranga. Fuair an tionscadal seo maoiniú ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Bunaíodh ionad leighis le linn na bliana inar cuireadh seirbhís DG ar an láthair ar fáil do na mic léinn.

Gníomhaíochtaí Seach-churaclaim

- Léirigh mic léinn agus baill foirne an ceoldráma den scoth "A Christmas Carol" a bhí ar siúl in Amharclann Halla an Bhaile sa Chabhán os comhair lucht féachana a bhí díolta amach.
- Cuireadh tús leis an gcéad Chumann riamh do Mhic Léinn Lánfhásta.
- Bhí malartuithe idir mic léinn chuig tíortha Eorpacha eile, turais chuig an Eastóin agus Plymouth san áireamh.
- Bhí tionscnaimh chruthaitheacha ar siúl i mí na Bealtaine, inar taispeánadh obair Ealaíne, Ceardaíochta & Dearaidh, Dearadh Troscán, Dearadh Inmheánach, Dearadh Faisin, Bláthadóireacht, Teicneolaíocht Ailtireachta, Dearadh Ríomhchuidithe, agus Forbairt ar na hIlmheáin & ar an nGréasán.
- Bhí taibhléirithe freisin ag mic léinn Ceoil den Teicneolaíocht Cheoil, Innealtóireacht Fuaime & Léiriúchán agus na Taibh-Ealaíona, Cór an CGO agus aíonna speisialta in Amharclann Halla an Bhaile sa Chabhán,
- Bhí an cruinniú NEFHEA ar siúl in Insititúid an Chabháin i mí Mheán Fómhair 2009.
- Bhí Lá Gníomhaíochtaí do Mhic Léinn ar siúl i mí na Nollag chun airgead a bhailiú do charthanais éagsúla. Imeachtaí eile a bhí ar siúl chun airgead a bhailiú ná Cóisir Culaith Bhréige d'Oíche Shamhna, Maidir do Charthanas Haiti, Other fundraising events included a Halloween Fancy Dress, Haiti Charity Morning, Bearr nó Dathaigh, Lá Lusanna an

Chromchinn agus Maidin Bricfeasta do Childline.
- Foilsíodh an chéad eagrán d'Iris na Mac Léinn "CI Life".

Forbairtí Foirne

- Bunaíodh Clár Meantóireachta do Phiaraí i gcomhar le Coláiste Uirbeach Bhéal Feirste.
- Cuireadh Clár Fógraí le Grianghraif na mBall Foirne ar crochadh sa Phríomhfhoirgneamh
- D'fhreastail an fhoireann uile ar Lá Foirne de Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin i mí an Mhárta 2009 agus d'éirigh thar cionn leis an lá seo
- D'eagraigh Institiúid an Chabháin cúrsaí FGL, "**Teicneolaíochtaí TFC sa Seomra Ranga"** agus "**Cleachtas Aisiríoch"** ina measc.
- Bhí an deis ag na baill foirne páirt a ghlacadh sa Tionscadal 'Scotens' (An Bhuanchomhairle d'Oideachas Múinteoirí ó Thuaidh agus ó Dheas) a dhírigh ar Scileanna Meantóireachta Piaraí d'Oideoirí.
- Cuireadh tús le Taighde agus Comhairliúchán i dtreo an chéad Phlean Straitéiseach Cúig Bliana d'Institiúid an Chabháin a fhorbairt.

Forbairtí/ Gníomhaíochtaí Eile

- Cuireadh leis an gclár um fhéinmharú a chosc "Mind Yourself" nuair a cuireadh 9 mball foirne faoi oiliúint mar éascaitheoirí.
- Rinneadh scannánú do thuairisc Breisoideachais RTÉ in Institiúid an Chabháin agus craoladh é ar an nuacht Six One. Sa tuairisc bhí agallamh le Ann Marie Lacey, Stiúrthóir, Institiúid an Chabháin, Colin Morgans, Bainisteoir Ginearálta, Quinn Insurance agus iar-mhac léinn Wendy Smith ó Quinn Insurance.
- Eagraíodh Clár Blaiste do mhic léinn atá ar Chlár na hIdirbhliana a thug cuairt ar an Institiúid.
- Bunaíodh córas téacsála mar bhealach le cumarsáid a dhéanamh leis na mic léinn.

Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh

Ghlac an líon is mó ná riamh d'fhoghlaimeoirí aosaigh páirt sna cláir a chuirtear ar fáil trí Sheirbhísí Oideachais d'Aosaigh i gCoiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin agus seoladh líon áirithe de thionscnaimh nua.

Is iad seo a leanas buaicphointí áirithe de na seirbhísí a cuireadh ar fáil:



Seirbhís um Threoir san Oideachas d'Aosaigh

- Méadú ar tuairim is 100% de dhaoine ag baint úsáide as an tSeirbhís i gcomparáid leis an mbliain roimhe 2008.
- Cuireadh tús le halt oideachais um threoir gach seachtain, dar teideal 'The Next Step', do nuachtán áitiúil chun béim a leagan ar eolas maidir leis an tSeirbhís agus chun cabhrú le heolas a scaipeadh.
- Daoine a chur i dteagmháil leis na seirbhísí éagsúla atá ar fáil agus iad a chur ar an eolas faoi na deiseanna chun scileanna breise agus oiliúint a fháil, na comh-acmhainní AEGIS leis na gníomhaireachtaí éagsúla agus eagraíodh 11 sheisiún eolais ar fud na tíre.

Ionad Foghlama an Chabháin d'Aosaigh

- Bhí Ionad Foghlama an Chabháin d'Aosaigh mar chuid den Fhoireann Idirghníomhaireachta a bunaíodh chun deiseanna oideachais a chur ar fáil do thaistealaithe mná sa chontae le modúil Leibhéal 3 FETAC san Fhoghlaim Ghinearálta a chríochnú
- Roghnaíodh Ionad Foghlama an Chabháin d'Aosaigh den CGO mar rannpháirtí do Shuirbhé Taighde Náisiúnta maidir le Foghlaim don Teaghlach a rinne an NALA - "At Home with Family Literacy: A Study of Family Literacy Practices"
- Cláir Samhraidh: FETAC, Leibhéal 3, Leibhéal 4 agus Leibhéal 5. Na Cláir i Modúil Cúram Leanaí Leibhéal 5, Gairneoireacht Leibhéal 3, Ríomhairí Leibhéal 3 agus Leibhéal 4, Ceardaíocht Adhmaid Leibhéal 3, Cúram an Duine Bhreacaosta Leibhéal 5, Cúram Leanaí Leibhéal 4 agus CETR.
- Seoladh an chéad chlár iomlán de FETAC Leibhéal 4 san Ionad a thug an deis d'fhoghlaimeoirí an choibhéis den Ardteistiméireacht a chur i gcrích in aon bhliain Acadúil.

Féinmhaoiniú

In 2009, cuireadh 126 rang oíche táille ar fáil sa 13 ionad, Scoil don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil d'Institiúid an Chabháin ina measc, agus ghlac 1174 foghlaimeoir san iomlán páirt iontu.

Oideachas Pobail

In 2009, cuireadh 86 cúrsa ar fáil do 1068 foghlaimeoir idir ghrúpaí pobail agus ghrúpaí deonacha ar fud Chontae an Chabháin.

Ógtheagmháil an Chabháin

- Bhí Clár an tSamhraidh Breisithe ar siúl ar feadh sé seachtaine. Is iad seo a leanas a raibh sa chlár: Taithí Oibre, Spóirt agus Fóillíocht, Clár Airm, Sábháilteacht Uisce i Loch an Eanaigh, Scéimh & Faisean agus Seó Ilsiamsa. Leis an gClár Samhraidh cuireadh naisc le heagraíochtaí pobail agus le heagraíochtaí áitiúla chun cinn agus rinneadh feabhas orthu
- San áireamh sna tionscnaimh nua bhí piocadh bruscair, Na Nuálaithe Sóisialta Óga (YSI) agus Clár Spóirt Nua do Mhná. Sna tionscnaimh seo uile cuirtear an cuimsiú chun cinn agus faigheann na Foghlaimeoirí an deis le bheith mar ionadaithe don Ionad ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta
- Eagraíodh Maidin Bricfeasta chun Airgead a Bhailiú agus d'éirigh thar cionn leis

Ógtheagmháil Mhuinchille

- Fuair foghlaimeoirí Teastais um Fhoghlaim Ghinearálta ag Leibhéal 3 de FETAC agus Teastais Chomhpháirte ag Leibhéil 3 agus 4 de FETAC. Bronnadh teastais ar 19 bhfoghlaimeoir; Bronnadh Taifid Gnóthachtála ar 16 bhfoghlaimeoir (40 modúl) agus fuair 3 fhoghlaimeoir Teastas Náisiúnta (22 modúl).
- Cuireadh Tionscnamh Creatlach Cháilíochta (Céim 2) i gcrích.
- D'imigh beirt fhoghlaimeoirí ar aghaidh chuig Institiúid an Chabháin i mí Mheán Fómhair 2009
- Rinne Ionad Ógtheagmhála Mhuinchille earraí sa rang Ceardaíochta Adhmaid agus Ealaíne do chlós scoile Scoil Náisiúnta Mhichíl.

- I mí an Mheithimh 2009, d'athphéinteáil Ógtheagmháil Mhuinchille múrmhaisithe sa chlós súgartha áitiúil i Muinchille. Bhí foghlaimeoirí a bhí ann roimhe tar éis na múrmhaisithe a chruthú sa chlós súgartha nuair a osclaíodh é in 2007. Bhí an tionscadal pobail seo mar ghné-alt sa Nuachtlitir Ógtheagmhála Náisiúnta.

Ógtheagmháil Achadh an Iúir

- Chuir foghlaimeoirí 52 fillteán tionscadail i láthair le creidiúnú a fháil ag Leibhéal 3 agus Leibhéal 4 de FETAC.
- Osclaíodh an Síneadh Nua go hoifigiúil ar 15 de mhí na Bealtaine 2009
- Rinneadh uasghrádú ar an trealamh TF

Scileanna d'Obair

- An aidhm atá ag an gclár náisiúnta a thosaigh i mí Iúil 2009, a fhaigheann maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ná chun deiseanna oiliúna a chur ar fáil chun cabhrú le fostaithe déileáil leis na héilimh de bhunscileanna san ionad oibre. Sa chlár seo cuirtear cúrsaí éagsúla ar fáil inar féidir cáilíochtaí a bhaint amach suas go Leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.
- Tá Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin mar óstach don Chomhordaitheoir um Scileanna d'Obair de Réigiún an Oirthuaiscirt atá freagrach as an gCabhán, Muineachán, an Mhí agus an Lú.
- Thosaigh sé chúrsa Scileanna d'Obair ar fud Chontae an Chabháin in 2009 agus ghlac níos mó ná 40 fostaí páirt iontu. Fuair na foghlaimeoirí Teastais Leibhéal 3 de FETAC san Litearthacht ar Ríomhairí agus san Éifeachtacht Phearsanta.

Oideachas sa tSeirbhís Phríosúin

Cuireann Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin oideachas ar fáil do phríosúnaigh i dTeach an Locháin, Ionad Coinneála Oscailte sa Bhlaic. I measc na bhforbairtí móra a tharla san Aonad Oideachais seo le linn 2009 tá na cinn seo a leanas:

- D'oscail an tAire Dlí agus Cirt, Dermot Ahern, Uasal, an tAonad Oideachais nua go hoifigúil ag ócáid a raibh an Gobhanóir agus an Fhoireann Teagaisc mar óstaigh di. Bronnadh pictiúr ón Rang Ealaíne ar an Aire
- Cuireadh FETAC Leibhéal 4 i gCúrsaí Ríomhairí leis an gClár Oideachais
- Bunaíodh Naisc Trasteorann le Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair.
- Cuireadh tionscadal nua Ealaíne do Thaistealaithe ar bun faoi choimirce an Ghrúpa Ildisciplínigh áitiúil.
- Leis an Scéim Ealaíontóirí sa Phríosún d'eascair ceardlann snoíodóireachta adhmaid a bhí faoi threoir an ealaíontóra agus dealbhóra aitheanta Jackie McKenna.

Tuarascáil Airgeadais

Tá ceanglas reachtúil ar Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin Ráiteas Bliantúil ar a Chuntais a ullmhú faoin Acht Gairmoideachais (Leasú) 2001. Cuirtear an ráiteas airgeadais seo isteach ar fhoirm V15 agus feidhmíonn sé seo mar an bunús don phróiseas iniúchta a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste gach bliain. Sa tábla seo thíos taispeántar na híocaíochtaí agus na fáltais (arna n-iniúchadh) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

Mír Uimh. No.		**GNÁTH-CHUNTAS €**	**CUNTAS CAIPITIL €**	**IOMLÁN €**	**2008 €**
1	Airgead Tirim sa Bhanc (Rótharraingt Bhainc) ar an 01/01/09	3,116,553	75,363	3,191,916	3,369,925
2	Coigeartú do Chuntais Bainc na Scoileanna	2,576	2576	587	
3	Fáltais in2009	28,384,231	1,540,378	29,924,609	27,919,259
4	Íocaíochtaí in 2009 (28,705,611)	(798,915)	(29,504,526)	(28,097,855)	
5	Airgead Tirim sa Bhanc (Rótharraingt Bhainc) ar an 31/12/2009	2,797,749	816,826	3,614,575	3,191,916

IMRÉITEACH BAINC	**IOMLÁN €**	**2008 €**
Iarmhéid de réir an Ráitis Bhainc	4,233,364	3,851,488
Cuir leis: Lóisteálacha nach bhfuil Curtha Chun Socair go fóill	43,670	
Le baint: Seiceanna nár Tíolacadh go fóill	(623,617)	(708,070)
Cuir leis: Iarmhéid Mionairgid Gan Caitheamh	4,828	4,828
Iarmhéid de réir an Chuntais Bhainc	3,614,575	3,191,916

Cuspóirí do 2010

Aithníodh na cuspóirí seo a leanas mar na réimsí tosaíochta le forbairt a dhéanamh orthu in 2010. Déantar na cuspóirí a rangú faoi na cúig théama a bunaíodh mar chuid de Phlean Oideachais Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin 2006-2010.

Sprioc 1: Forbairt & Feabhsú Sholáthar na Seribhíse Oideachais

- Cláir nua a chur ar fáil ag na Leibhéil 1 & 2 de FETAC trí Sheirbhísí Oideachais d'Aosaigh
- Taighde a dhéanamh ar dheiseanna foghlama ar líne
- Cláir oiliúna a fhorbairt go sonrach dóibh siúd atá dífhostaithe agus do mhná imeallaithe
- Iarracht a dhéanamh agus Ionad Ógtheagmhála nua a bhunú sa Chabhán Thiar
- Ionad Oideachais d'Aosaigh a fhorbairt i mBaile Shéamais Dhuibh
- Tús a chur le clárú ar líne a dhéanamh do ranganna atá á reáchtáil ag Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh agus do chúrsaí i Scoil don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil in Institiúid an Chabháin
- Áis a bhunú le cumarsáid a dhéanamh trí théacsáil chun tinreamh na bhfoghlaimeoirí a rianú in Institiúid an Chabháin
- Tús a chur le Scoil Samhraidh sa Fhraincis do dhaltaí an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta
- Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann le sruth lán-Ghaeilge a chur ar bun sa leibhéal iar-bhunscoile.
- Saoráidí Spóirt a fhorbairt in Institiúid an Chabháin
- Ríomhairí glúine a chur ar fáil do dhaltaí na chéad bhliana in iar-bhunscoileanna ar bhonn píolótach
- Cláir bunaithe ar na ceirdeanna a leathnú amach agus ionad nua oiliúna a fhorbairt do na ceirdeanna

Sprioc 2: Forbairt Seirbhísí don Aos Óg agus Seirbhísí Spóirt

- Réimse clár don aos óg a chur ar fáil ar fud an chontae, trí úsáid a bhaint as an tsaoráid fhoghlama shoghluaiste
- Maoiniú a lorg do réimse leathan de thacaíochtaí don aos óg ar fud an chontae
- Tús a chur le searmanas bronnta deontas dóibh siúd a fuair deontais ón Scéim Deontais Ógchlub áitiúil
- Coiste Comhairleach Deonach agus fóram a bhunú chun tacaíocht a thabhairt d'oibrithe deonacha atá ar fud na hearnála óige

Sprioc 3: Cuspóirí maidir le Caidrimh Phoiblí a bhaint amach

- Suíomh Gréasáin Tairseach an Choiste Ghairmoideachais agus suíomhanna Gréasáin do gach scoil a lainseáil
- Suíomh Gréasáin nua um Sheirbhísí Oideachais d'Aosaigh a lainseáil
- Leanúint ar aghaidh agus seirbhísí, pleananna forbartha, mórghníomhartha agus éachtaí Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin a chur chun cinn
- Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus an phobail i gcoitinne

Sprioc 4: Forbairt agus Feabhsú Comhpháirtíochtaí

- An comhoibriú leis na gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí reachtúla áitiúla a fheabhsú agus a leathnú amach
- Cúrsaí a fhaigheann creidiúnú FETAC a fhorbairt agus a chur ar fáil i gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil agus le heagraíochtaí ón earnáil dheonach
- Scéim oiliúna réamhphrintíseachta nua a fhorbairt agus a chur ar bun mar scéim phíolótach i gcomhpháirtíocht le FÁS

Sprioc 5: Forbairt Leanúnach san Eagraíocht

- Plean Straitéiseach Institiúid an Chabháin 2011-2015 a lainseáil
- Tús a chur le próiseas comhairliúcháin agus pleanála chun Plean Oideachais Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin 2011-2015 a fhorbairt
- Seirbhísí siceolaíochta a leathnú amach chuig Ionaid Ógtheagmhála
- Plean TFC Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin a lainseáil
- Taighde leanúnach a dhéanamh ar na forbairtí nua TFC agus athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí TFC ar fud na heagraíochta
- Deiseanna a lorg ionas gur féidir le baill foirne agus foghlaimeoirí páirt a ghlacadh i dtionscadail idirnáisiúnta, líonrú a dhéanamh le soláthraithe oideachais eile
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na caighdeáin cháilíochtaí
- Leanúint ar aghaidh agus an Plean Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh (2007-2010) a chur i gcrích.
- Tús a chur le clár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur i bhfeidhm do na baill foirne uile i gCoiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin
- Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann chun foinsí "Fuinneamh Glas" a thabhairt isteach ar fud na scéime
- Plean Oideachais Choiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin 2011-2015 a phleanáil, taighde a dhéanamh air agus é a chur le chéile

Liosta na Scoileanna, na nIonad & na gClár

Scoil/Ionad/Clár	Teileafón	Príomhoide/Bainisteoir/Stiúrthóir
Oifigí Riaracháin, An Cabhán	049 433 1044	Colm McEvoy (POF)
Coláiste Naomh Maodhóg, An Bábhún Buí	049 952 3112	Anne Conaghan
Coláiste Naomh Bricín, Béal Tairbirt	049 952 2170	Mary Sheridan
Coláiste Bhreifne, An Cabhán	049 433 1735	John Kearney
Coláiste Achadh an Iúir	049 854 7050	Karen Fitzpatrick
Institiúid an Chabháin	049 433 2633	Ann Marie Lacey
Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh	049 436 1881	Fiona Maloney (AEO)
Ionad Foghlama an Chabháin d'Aosaigh den CGO VEC	049 436 1881	Regina Clarke
Seirbhís um Threoir san Oideachas d'Aosaigh	049 437 7001	Jason Donohue
Oideachas Pobail	049 437 7562	Gemma Brady
Aonad Oideachais, Teach an Locháin, An Blaic	071 985 3025	Brenda McMullen
Scéim um Dheiseanna Oiliúna Gairmoideachais	049 436 1881	Fiona Maloney
Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	049 436 1881	Fiona Maloney
Cúrsaí Oideachais d'Aosaigh agus Ranganna Oíche	049 436 1881	Fiona Maloney
Seirbhísí don Aos Óg	049 436 1881	Maureen McIntyre
Ógtheagmháil, An Cabhán	049 436 1573	Diarmuid Wilson
Ógtheagmháil, Muinchille	049 555 2561	June Neylon
Ógtheagmháil, Dún an Rí	042 966 8355	Sean Corcoran
FETAC Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna	049 433 1044	Siobhan Magee

Gluais

AEO	Oifigeach Oideachais Aosaigh
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
ICFFS	Ionad an Chabháin don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CETR	Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí
ESRI	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
FÁS	Foras Áiseanna Saothair
FETAC	Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
NEFHEA	Comhaontas Breisoideachais agus Ardoideachais an Oirthuaiscirt
IAT	Iar-Ardteistiméireacht
CGO	Coiste Gairmoideachais
VSSU	Aonad Sheirbhísí Tacaíochta an Choiste Ghairmoideachais
VTOS	Scéim um Dheiseanna Oiliúna Gairmoideachais

2009 i nGrianghraif

Nótaí